Próifíl an Róil
Teideal an Phoist: Innealtóir Sinsearach Meicniúil agus Leictreach
Rannán/Feidhm: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)
Ag tuairisciú chuig (teideal an phoist): Ceann na hEarnála
Cineál Poist: Bainisteoir Tionscadail
Sruth Gairme: Gairmiúil
Réimse Gairme: Gairmiúil

**** Spriocdháta d'Iarratais: Dé Céadaoin 3 Aibreán 2024****

Achoimre ar an nGnólacht
Soláthraíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) seirbhísí um bainistiú sócmhainní agus dliteanas do Rialtas na hÉireann. Áirítear leis na seirbhísí sin iasachtaí a fháil don Státchiste agus bainistiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta, an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh, **an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN)**, Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Sannann GBCN baill foirne freisin don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus do Mhaoiniú Tógála Tithíochta Éireann.

Cuireann an GAFN comhairle airgeadais ar údaráis Stáit maidir le tionscadail chaipitil a bhfuil luach caipitiúil os cionn €75 milliún orthu agus tá sé freagrach freisin as tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí-Príobháideacha (CPP) a sholáthar d'údaráis Stáit (le heisceachtaí áirithe amhail Bonneagar Iompair Éireann). Ina theannta sin, cuireann an GAFN seirbhísí bainistíochta sócmhainní ar fáil i ndáil le hoibriú agus cothabháil áiseanna CPP. Cuireann sé tionscadail chaipitil arna maoiniú ag an Státchiste thar ceann údaráis Stáit áirithe i gcrích chomh maith.

Tá buntáistí iontacha ag baint le bheith ag obair sa GBCN, lena n-áirítear:
- Roghanna um obair chumaisc
- Clár fairsing folláine
- Réimse éagsúil tionscnamh: LGBT+, Cúrsaí Inscne, Feasacht ar Mhíchumas, Foireann Feasachta Idirnáisiúnta & Ilchultúrtha, Spóirt & Sóisialta, Obair Dheonach agus go leor eile
- Deiseanna den scoth um fhoghlaim agus forbairt a cheadaíonn forbairt iomlán gairme laistigh den eagraíocht
- Aisíocaíocht táillí bliantúla i leith comhaltas gairmiúil
- Scéim sochar sainithe pinsin bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime

Achoimre ar an Ról
Tá an GAFN ag féachaint chun innealtóir meicniúil agus leictreach sinsearach a earcú chun tacú le soláthar, seachadadh agus oibriú tionscadal tógála rialtais mórscála, laistigh d'earnálacha éagsúla lena n-áirítear tithíocht, oideachas agus ceartas.

Is ról gairmiúil sinsearach é seo a éilíonn taithí theicniúil fhairsing ag gach céim den tionscadal ó thús an tionscadail go dtí soláthar, tógáil, oibriú agus seachadadh. Príomhghnéithe den ról freisin is ea an cumas dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus contrapháirtithe agus tacú le foireann níos leithne an GAFN.

Príomhfhreagrachtaí
Beidh na tascanna seo a leanas i measc na bpríomhthascanna a bheidh le déanamh ag an té a cheapfar sa phost:
- Comhairle theicniúil maidir le hinnealtóireacht mheicniúil agus leictreach a sholáthar d'fhoirne bainistíochta tionscadail an GAFN a sholáthraíonn seirbhísí do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais is cliaint iad.
- Caidreamh a chruthú agus a chothabháil le páirtithe éagsúla is páirtithe leasmhara iad, lena n-áirítear páirtithe leasmhara inmheánacha agus páirtithe leasmhara seachtracha

agus dea-struchtúir rialachais chorparáidigh tionscadail a chothabháil, lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh ar an GAFN ag príomhchruinnithe tionscadail.
- Caidrimh láidre a fhorbairt le contrapháirtithe agus a chinntiú go léirítear ardmheas ar ionracas agus ar chlú an GBCN/GAFN i ngnó uile na n-eagraíochtaí.
- Comhairle a thabhairt ar chórais tógála Meicniúla agus Leictreacha trí chéimeanna deartha, pleanála, soláthair, tógála, coimisiúnaithe agus oibríochta na dtionscadal caipitil poiblí mórscála.
- Straitéisí láidre um ghníomhú ar son na haeráide/straitéisí inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh scéime chun ardchaighdeáin forbartha inbhuanaithe a chinntiú.
- Ionchur teicniúil a chur le sceidil doiciméadaithe tionscadail, lena n-áirítear oibreacha agus riachtanais oibriúcháin.
- Tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí agus bearta rialaithe a bhaineann le tionscadail seirbhísí meicniúla agus leictreacha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le costais agus rialú athraithe, clár, cáilíocht tógála sláinte agus sábháilteachta
- Páirt a ghlacadh i bpainéil mheastóireachta tairisceana agus i ngrúpaí oibre éagsúla a bhaineann le soláthar tionscadail a sheachadadh.
- Cabhrú chun comhairleoirí teicniúla seachtracha a sholáthar agus a bhainistiú.
- Comhairle a thabhairt maidir le gnéithe bainistíochta saoráidí de chórais mheicniúla agus leictreacha agus straitéisí athsholáthair saolré maidir le comhpháirteanna agus eilimintí meicniúla agus leictreacha.

Cáilíochtaí/Eolas
- Céim tríú leibhéal (nó a chomhionann) nó cáilíocht níos airde in innealtóireacht mheicniúil, leictreach nó seirbhísí foirgníochta.
- Comhaltas cairte in Innealtóirí na hÉireann, Institiúid Chairte na nInnealtóirí Seirbhísí Foirgníochta nó institiúid ghairmiúil iomchuí eile.
- Is inmhianaithe gan a bheith riachtanach taithí roimhe seo ar thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí/Poiblí.
- Eolas ar phríomh-shaincheisteanna agus ar straitéisí bainistíochta a bhaineann le gnéithe a bhaineann le hathrú aeráide/inbhuanaitheacht, cúrsaí comhshaoil, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí rialachais ar thionscadail tógála ar mhórscála.
- Cáilíocht iarchéime sa ghníomhaíocht ar son na haeráide/inbhuanaitheacht (inmhianaithe).

Taithí
Áirítear le taithí ábhartha na nithe seo a leanas (gan a bheith teoranta dóibh):
- Taithí ábhartha 10 mbliana ar sheirbhísí meicniúla agus leictreacha a sholáthar do thionscadail mhóra tógála nó bonneagair i bpríomhról dearadh innealtóireachta ag déileáil go díreach leis an gcliant.
- Acmhainn rannpháirtíochta agus idirchaidrimh le geallsealbhóirí i dtionscadail ghníomhacha lena n-áirítear rannpháirtíocht le comhlachtaí reachtúla agus soláthraithe fóntais.
- Taithí le déanaí ag obair le cineálacha móra conarthaí san earnáil phoiblí (e.g. Cineálacha conarthaí de chuid Choiste Conarthaí Foirgníochta an Rialtais) agus/nó ag obair i dtionscadail arna maoiniú go príobháideach (tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí/Príobháideacha nó Tionscnamh Tionscadal Airgeadais).
- Cumas oibriú thar shruthanna oibre iomadúla ag an am céanna.

Scileanna
- Saineolas i ndáil le córais seirbhísí foirgneamh meicniúla agus leictreacha a dhearadh
- Sár-eolas ar chóid agus ar chaighdeáin dearaidh agus ar Threoirdhoiciméid Theicniúla Rialacháin Foirgníochta na hÉireann.
- Taithí ar dhearadh foirgneamh inbhuanaithe, lena n-áirítear ceanglais um ghníomhú ar son na haeráide, agus ar chórais rátála inbhuanaitheachta creidiúnaithe amhail BREEAM, BREEAM-In-Use agus Innéacs Feidhmíochta Baile.

- Tuiscint iontach ar dhearadh, ar shuiteáil, ar choimisiúnú agus ar oibriú na gcóras closamhairc (AV) agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus córais bhainistíochta foirgneamh.
- Sár-scileanna comhoibrithe agus bainistíochta geallsealbhóirí.
- Duine an-nuálach a bhfuil scileanna láidre anailíse agus cinnteoireachta aige/aici.
- Scileanna cumarsáide den scoth (scríofa, béil agus cur i láthair).
- Láncheadúnas tiomána glan.